ArtL!nks
SUPPORTING ARTISTS AND THEIR PRACTICE IN THE SOUTH EAST

# SPARÁNACHTAÍ ARTLINKS D'EALAIONTÓIRÍ AG TEACHT CHUN CINN AGUS D'EALAÍONTÓIRÍ GAIRMIÚLA 2026

## TREOIRLÍNTE, CRITÉIR, COINNÍOLLACHA & NÓTAÍ AR AN bhFAISNÉIS IS GÁ i gCOMHAIR NA bhFOIRMEACHA IARRATAIS

Tacaíonn ArtLinks le forbairt ghairmiúil na gcleachtóirí cruthaitheacha, ar 18 mbliana d'aois agus níos sine iad, a chónaíonn i limistéir riaracháin na nÚdarás Áitiúil i gCeatharlach, i gCill Chainnigh, i bPort Láirge agus i Loch Garman agus a chomhlíonann na critéir chuí, mar a léirítear thíos.

Tabharfar Duais-Sparánachtaí ArtLinks do dhaoine laistigh dá ndisciplín roghnaithe i rith na bliana 2025. Tacaíonn Clár na Sparánachtaí le healaíontóirí sna hearnálacha seo a leanas:

Dámhachtainí d'Ealaíontóirí ag Teacht Chun Cinn agus d'Ealaíontóirí Gairmiúla. Is iondúil go mbíonn Sparánachtaí Artlinks thart ar €1,000 - €3,000 le dámhachtain uasta de €4,000. Ós rud é go bhfuil acmhainní teoranta, ní bheidh ach céatadán beag dámhachtainí ag an uasleibhéal; tiocfaidh formhór na ndeontas faoin ngnáthraon cistiúcháin.

Déanfaidh comhpháirtithe ArtLinks gach iarracht freastal go réasúnta ar dhaoine faoi mhíchumas nó riachtanais rochtana ar mian leo iarratas a chur isteach. Má tá riachtanas agat sa réimse seo, déan teagmháil le ArtLinks artlinks.ie@gmail.com a luaithe agus is féidir roimh spriocdháta na dámhachtana.

Moltar do bhaill ArtLinks féachaint ar Sheisiún Seachtainiúil na Céadaoine de chuid Oifig Ealaíon Chontae Chill Chainnigh, dar teideal "An Rath A Bhaint Amach Sa Mhaoiniú" - Achieving Success in Funding - roimh dóibh próiseas an iarratais a thosú.

**Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais líonta ná 19 Eanáir 2026 ag 5 i.n.** Ní foláir do bhaill ArtLinks a bheith cláraithe roimh an **12/01/2026** d'fhonn a bheith intofa chun iarratas a dhéanamh ar na sparánachtaí. Cuir ríomhphost go dtí artlinks.ie@gmail.com chun foirm iarratais bhallraíochta a iarraidh. Ní dhéanfar próiseáil ar iarrataí ar bhallraíocht go mbeidh spriocdháta na sparánachta thart.

Má tá aon riachtanais rochtana agat, déan teagmháil linn ionas gur féidir linn tacaíocht a thabhairt duit.



COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH CARLOW COUNTY COUNCIL
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Waterford City & County Council
Comhairle Contae Loch Garman Wexford County Council
Arts Office Kilkenny County Council
the arts council / an chomhairle ealaíon — funding the arts — artscouncil.ie

## DÁMHACHTAINÍ D'EALAÍONTÓIRÍ AG TEACHT CHUN CINN AGUS D'EALAÍONTÓIRÍ GAIRMIÚLA

Deartar na Dámhachtainí seo chun cabhrú le healaíontóirí a gcleachtas a fheabhsú agus é mar phríomhaidhm ag Dámhachtain Sparánachta ArtLinks tacú le forbairt ealaíontóirí, a bhféadfadh nó nach bhféadfadh táirgeadh nó saothar deiridh a bheith mar thoradh air.

Breithneoimid iarratais ar chúnamh i dtaca le haon cheann de na réimsí tacaíochta seo a leanas:

- Taisteal agus oiliúint*
- Meantóireacht*
- Chun cabhrú, ó thaobh an oideachais de, ar leibhéal na gcéimithe*
- Tionscadail ag a bhfuil tairbe shoiléir i dtaca le forbairt an chleachtais

*Ní foláir d'Iarratasóirí ar Dhuais-Sparánachtaí i dtaca le cúrsaí oiliúna agus/nó críocha staidéir in aon saghas ealaíne mionfhaisnéis a chur ar fáil faoin bhforas roghnaithe; a chur in iúl an bhfuil glactha leo ar an gcúrsa nó an chéim atá sroiste ag na caibidlíochtaí. Ní dhámhfar sparánachtaí ach nuair a bheidh cruthúnas ar ghlacadh a bheith leis an iarrthóir ar an gcúrsa curtha faoi bhráid ArtLinks.

*Má tá tú ag cur isteach ar mheantóireacht, ba cheart comhaontú i scríbhinn le meantóir a bheith san ábhar forlíontach, lena n-áirítear táille agus amlíne na meantóireachta. Mura bhfuil téarmaí comhaontaithe fós le meantóir tráth an iarratais, iarrfar ort na sonraí seo a chur ar fáil sula ndeonaítear an dámhachtain.

*Ní mhaoiníonn ArtLinks táillí cúrsa fochéime ná tionscadail a dtugtar fúthu i gcomhthéacs fochéime.

## NA CRITÉIR I LEITH NA N-IARRATAS

**Chun cáiliú don dámhachtain seo, ní foláir d'ealaíontóir na critéir seo thíos a chomhlíonadh**.

1. Ní foláir d'iarratasóirí a bheith ina gcónaí faoi láthair i limistéar riaracháin an Údaráis Áitiúil i gCeatharlach, i gCill Chainnigh, i bPort Láirge nó i Loch Garman le tréimhse 2 bhliain ar a laghad agus a bheith ina mbaill cláraithe in ArtLinks.
2. Ní ghlacfar ach le hiarratais ó dhaoine aonair.
3. Níl na Duais-Sparánachtaí ar fáil ach dóibh siúd atá os cionn 18 mbliana d'aois.
4. Ní mór an ghníomhaíocht, a ndearna tú iarratas ina leith, a dhéanamh laistigh de thréimhse

dhá mhí dhéag ón uair a fuair tú an dámhachtain sparánachta agus níor cheart tús a chur léi roimh mhí an **Mhárta 2026**. Ní bheidh iarratais ar ghníomhaíochtaí atá tosaithe cheana féin nó atá ar siúl faoi láthair incháilithe. Féadfaidh an sparánacht, áfach, tacú le forbairt na hoibre atá ann cheana má tá céim shoiléir nua forbartha ann (mar shampla, saothar gearr idir lámha a leathnú ina phíosa amharclainne lánfhada nó an chéad dréacht a ullmhú lena fhoilsiú.)

5. Ní féidir ach sparánacht ealaíon amháin a bhronnadh ar ealaíontóirí in aon tréimhse iarratais amháin. Is féidir le healaíontóirí cur isteach ar sparánacht ArtLinks agus ar Dheontas na nAchtanna Ealaíon áitiúil, ach ní bhronnfar ach ceann amháin de na deontais orthu in aon tréimhse iarratais amháin.

**Tabhair faoi ndeara:**

- Is próiseas ar líne é seo agus is é an t-aon seoladh amháin i gcomhair na n-iarratas ná artlinks.ie@gmail.com. Ní dhéanfar próiseáil ar iarratais a sheolfar go dtí seoltaí ríomhphoist na nOifigí Ealaíon.
- Tá cáipéis PDF amháin faoi bhun 10MB intofa chun a curtha faoi bhráid artlinks.ie@gmail.com
- NÍ FOLÁIR an t-ábhar tacaíochta ar fad a chur san áireamh leis an PDF agus é a chur i gceangal le teachtaireacht ríomhphoist AMHÁIN.
- Diúltóidh ár mBalla Dóiteáin do Ríomhphoist ar mó ná 10MB iad.
- Ar d'iarratas a fháil, ní dhéanfaimid ach é a admháil.

**Ós rud é go bhfuil slándáil an-dhocht i bhfeidhm againn, ní féidir linn ábhar a íoslódáil ó thairseacha eachtracha, is iad sin: Google docs.**

**BEIDH IARRATAIS DHÉANACHA AGUS IARRATAIS NEAMHIOMLÁNA (CODANNA GAN A BHEITH LÍONTA/GAN NA HÁBHAIR THACAÍOCHTA GO LÉIR A BHEITH FAOI IAMH) NEAMH-INTOFA**
**Mura gcloíonn tú leis na riachtanais seo thuas, ní ghlacfar le d'iarratas i gcomhair breithniúcháin.**

CUIMHNIGH AR:
- Lipéad a chur ar gach ábhar a áirítear leis an iarratas.
- Do dhóthain ama a ligint chun an t-iarratas a chríochnú, chun na comhaid a chumasc agus chun an t-iarratas a chur tríd an ríomhphost roimh an dáta deiridh.
- **A chinntiú go n-osclaíonn/go n-oibríonn/gur féidir teacht go héasca ar gach ábhar tacaíochta ar líne. Más amhlaidh nach n-osclaíonn/nach n-oibríonn an t-ábhar tacaíochta, meastar é a bheith**

**neamh-intofa. Ní bheidh sé seo á phromhadh againn nuair a chuirfear iarratas faoinár mbráid, luíonn an fhreagracht iomlán as seo ar an iarratasóir.**

## MEASÚNACHT AR IARRATAS

**Is ar an méid seo a leanas a bhunófar an mheasúnacht ar na hiarratais:**

| | |
|---|---|
| **Critéar 1** Cuimsitheacht na foirme iarratais | 300 ar a mhéad |
| **Critéar 2** Léiriú ar acmhainneacht chun an tionscadal nó an togra a phleanáil agus a chur i gcrích go rathúil (Sonraí an iarratasóra, cuntas teiste etc.) | 300 ar a mhéad |
| **Critéar 3** Soiléireacht agus bainistíocht buiséid | 300 ar a mhéad |
| **Critéar 4** Tionchar agus Tairbhí ar Fhorbairt agus Dul Chun Cinn an Ealaíontóra- Fianaise ar an gcaoi a rachaidh an tionscadal beartaithe chun tairbhe d'fhorbairt ghairmiúil agus ealaíonta an ealaíontóra, le torthaí réamh-mheasta agus tionchar níos fadtéarmaí ar a gcleachtas cruthaitheach nó ar a ngairm. | 450 ar a mhéad |
| **Critéar 5** Ábharthacht don chleachtas ealaíne reatha | 150 ar a mhéad |
| UASMHÉID IOMLÁN | 1500 |

## SAGHSANNA EALAÍNE

Tacaíonn sparánachtaí ArtLinks le healaíontóirí gairmiúla agus le healaíontóirí a bhíonn ag teacht chun cinn ó thaobh a gcleachtas ealaíne a shaothrú. Cuirtear am agus acmhainn ar fáil do na healaíontóirí chun go bhféadfaidh siad smaoineamh, taighde agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid ealaíne agus chun go bhféadfaidh siad plé go grinn lena gcuid ealaíne.

Is iad na Saghsanna Ealaíne lena dtacaímid ná: Ailtireacht, Sorcas, Rince, Scannánaíocht, Litríocht, Ceol, Ceoldrámaíocht, Na hEalaíona Sráide, Amharclannaíocht, Na hEalaíona Traidisiúnta, Na

hAmharc-Ealaíona.

## COINNÍOLLACHA

**Is ar choinníoll atá na tairiscintí go léir de Dhuais-Sparánachtaí ArtLinks agus táid faoi réir fianaise a bheith faighte le comhlíonadh choinníollacha na Sparánachta.**

1. Ní ceadmhach an maoiniú a thairgtear a úsáid ach chun na gcríoch a shonraítear san iarratas.

2. Ní foláir dámhachtain a chaitheamh laistigh de thréimhse dhá mhí dhéag i ndiaidh an dhámhachtain sin a fháil.

3. Má lamháiltear deontas i dtaca le tionscadal ar leith, ní bheidh ArtLinks freagrach as árachas a chur ar fáil i leith an tionscadail sin. Molann ArtLinks go gcuirfear árachas leordhóthanach i bhfeidhm sula gcuirfear tús le haon tionscadal.

4. Má athraítear an tionscadal nó má chuirtear é ar athló nó ar ceal – go hiomlán nó i bpáirt – ní foláir teangmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Ealaíon a bhaineann le hábhar chun an gnó a phlé.

5. Ní foláir cion ArtLinks agus cion an Údaráis Áitiúil Chomhpháirtíochta a admháil i ngach ábhar bolscaireachta, preaschaidrimh agus margaíochta a tháirgtear maidir leis an bhfiontar nó maidir leis an imeacht. Tá cóipeanna de na lógónna seo ar fáil ach iad a iarraidh.

6. Ní foláir cóipeanna de na hábhair go léir a tháirgtear a chur go dtí an Oifig Ealaíon a bhaineann le hábhar.

7. Ní foláir tuarascáil mheastóireachta ar an dtionscadal a chur faoi bhráid na hOifige Ealaíon a bhaineann le hábhar laistigh de thréimhse dhá mhí dhéag i ndiaidh an sparánacht a fháil.

## FAISNÉIS IS GÁ MAIDIR LE hIARRATAS AR SPARÁNACHT ARTLINKS

1. Foirm Iarratais atá líonta go hiomlán
2. Mionchur síos ar do thogra, ar deighilt ón bhfoirm iarratais
3. Ábhar breise chun tacú leis an iarratas, mar shampla: íomhánna, naisc, srl.
4. Curriculum Vitae Reatha

## PRÓISEAS AN CHINNIDH AR AN SPARÁNACHT

1. Dícháileofar an t-iarratasóir a lorgóidh fabhar ó bhaill ArtLinks, ó fhoireann ArtLinks, ó fhoireann Oifige Ealaíon nó ó Roghnóir, nó dícháileofar an t-iarratasóir más amhlaidh a lorgóidh duine eile fabhar dá leithéid thar ceann an iarratasóra sin.

2. Forchoimeádann ArtLinks an ceart chun Sparánacht(aí) ArtLinks a dháileadh de

réir mar a mheastar a bheith cuí.

3. Forchoimeádann ArtLinks an ceart, faoina rogha féin, gan sparánachtaí a

dhámhachtain.

4. Is cinntí críochnaitheacha a bheidh i gcinntí ArtLinks ar Sparánachtaí agus ní ghlacfar páirt in aon chomhfhreagras ina dtaobh.

## SPARÁNACHTAÍ A DHÁMHACHTAIN

Tabharfar sonraí d'iarratasóirí rathúla ina Litir Thairisceana ón Oifig Ealaíon is cuí dóibh faoi na socruithe ó thaobh a gcuid sparánachta a íoc. Beidh gá le tuarascáil ar úsáid na dámhachtana ag an ndeireadh.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Deineann na hOifigí Ealaíon Comhpháirtíochta de chuid ArtLinks comhordú ar riarachán na Dámhachtana seo thar ceann ArtLinks. Dá réir sin, geallann na hOifigí Ealaíon Comhpháirtíochta go léir go ndéanfaidh siad gach dícheall chun aon fhaisnéis uait san iarratas seo a choinneáil faoi rún, ach é sin faoi réir na ndualgas a bhíonn ar an gComhairle de réir dlí, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 san áireamh. Má mheasann tú nach cóir cuid den fhaisnéis uait san iarratas seo a nochtadh mar gheall ar íogaireacht na faisnéise sin, is cóir duit, agus an fhaisnéis á cur ar fáil agat, an fhaisnéis sin a shainiú agus na fáthanna le híogaireacht na faisnéise a shonrú. Raghaidh d'Oifig Ealaíon i gcomhairle leat faoin bhfaisnéis íogair seo sula ndéanfar aon chinneadh ar aon iarraidh Saorála Faisnéise a bheidh faighte. Má dheintear an cinneadh go scaoilfear faisnéis áirithe uaitse, beidh sé de rogha agat achomharc in aghaidh an chinnidh a dhéanamh chun an Choimisinéara Faisnéise. Tabhair faoi ndeara, le do thoil, gur dócha go ndéanfar faisnéis a scaoileadh mar fhreagra ar iarraidh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, mura mbíonn an fhaisnéis sin sainithe agat mar fhaisnéis íogair.

## NÓTAÍ CHUN D'FHOIRM IARRATAIS A LÍONADH

1. Léigh gach ceist go mion sula bhfreagróidh tú iad.

2. Dein d'iarratas soiléir, gonta, gan débhrí agus soláimhsithe

3. Bí cúramach faoin ábhar a chuirfidh tú faoinár mbráid. Is fearr níos lú a chur isteach de rogha ar shaothar nach bhfuil, dar leat, i mbarr do mhaitheasa a áireamh.

4. Ná dein talamh slán de go bhfuil aithne acu siúd atá ag measúnú d'iarratais ar do shaothar - pléigh leis an iarratas amhail is más é an chéad cheann uait é.

5. Cuimhnigh go ndéanfar d'iarratas a mheas ar bhonn na sonraí go léir a sholáthrófar laistigh de chomhthéacs iomaíoch na n-iarratas líonmhar eile.

6. Cuir faoi ndeara do dhuine eile, duine atá ag obair i do dhisciplín, b'fhéidir, súil a chaitheamh ar d'iarratas roimh duit é a sheoladh isteach.

7. Tabhair dea-shamplaí agus dea-mhacasamhla de do shaothar agus/nó naisc ábhartha ar líne.

8. Bíodh tuiscint shoiléir réadúil agat ar cad a theastaíonn uait agus cé mhéid airgid a chosnaíonn do thogra.

9. Cuir amlíne ar fáil i gcomhair an tionscadail, más cuí sin.

10. Beartaigh d'iarratas in am trátha roimh ré.

11. Coinnigh cóip de d'iarratas chun críocha tagartha.

12. Dícháileofar ón bpróiseas thú má lorgaíonn tú fabhar in aon chor.

## NA CODANNA DEN BHUISÉAD A CHRÍOCHNÚ

**Tabhair cur síos ar gach foinse ioncaim atá ábhartha don tionscadal/ghníomhaíocht atá beartaithe agat. Táthar ag súil leis go bhfaighidh tú 10% ar a laghad ó fhoinsí eile.**

**Mura bhfuil tú cinnte conas an buiséad a chomhlánú féach ar an bhfíseán míniúcháin seo -**

https://youtu.be/_eNOj-8UA4A

- Is éard is brí le h**Ioncam Príobháideach** ná d'acmhainní féin, is iad sin do thuilleamh féin atá tú sásta a chaitheamh ar an ngníomhaíocht seo.
- Is éard is brí le h**Ioncam Tuillte** ná ioncam ón saothar ealaíne a dhíol srl.
- Is éard is brí le h**Ioncam Comhchineáil** ná seirbhísí nó earraí a thairgtear duit, is é sin: má bhíonn duine sásta póstaeir a dhearadh duit saor in aisce, fíon a thabhairt i dtaca leis an réamhléiriú srl. Is é luach an 'Ioncaim Chomhchineáil' seo ná an praghas a bheadh ar an tseirbhís sin dá mba rud é nár tairgeadh duit í saor in aisce.
- Is éard is brí le h**Ioncam Eile** ná airgead atá dáfa duit ó eagraíochtaí eile, ó urraitheoirí eile srl.
- Is éard is brí leis an **Méid atá á iarraidh ó ArtLinks** ná an méid airgid ó ArtLinks atá ag teastáil uait chun tabhairt faoin ngníomhaíocht seo.

**Tabhair miondealú de na costais go léir lena bhfuiltear ag súil, is féidir go gcuimseoidh sé seo:**

- Táillí ealaíontóra mar aon le neas-mhiondealú d'uaireanta an chloig.
- Forchostais agus costais riaracháin a bhaineann go díreach leis an dtionscadal/ngníomhaíocht seo
- Costais taistil a bhaineann le do thionscadal/ghníomhaíocht agus tabhair sonraí
- Ábhair ar féidir gur gá duit iad a cheannach go háirithe chun tabhairt faoin dtionscadal seo, ach tabhair faoi ndeara nach maoinímid trealamh.
- An costas a bhaineann le haon torthaí poiblí
- Fógraíocht, Caidreamh Poiblí
- Meastóireacht/cáipéisíocht ar do thionscadal
- Costais eile a bhaineann go sonrach le do thogra

## CÁIPÉISÍOCHT TACAÍOCHTA

Ceanglaítear ort ábhar tacaíochta a áireamh le d'iarratas. Ní ghlactar ach le hiarratais ar líne (10 MB ar a mhéad in aghaidh an iarratais). Is féidir go gcuimseoidh sé seo íomhánna, bileoga, bróisiúir, téacsanna, giotáin fuaime, tras-scríbhinní (4 leathanach ar a mhéad), naisc físe.

- 12 íomhá stadáin ar a mhéad (PDF nó jpeg amháin) – agus lipéad soiléir ar gach ceann acu.
- Naisc Spóil Taispeántais Físe (You Tube nó Vimeo), glactar le cinn dar fad ama 6 nóiméad ar a mhéad - más cosanta ag pasfhocal atá na naisc, cinntigh go bhfuil an pasfhocal chun féachaint air curtha san áireamh agat.
- Ní foláir Clár an Ábhair maidir leis an ábhar tacaíochta, agus é lipéadaithe go soiléir, a bheith san áireamh leis an iarratas tacaíochta.

ArtL!nks
SUPPORTING ARTISTS AND THEIR PRACTICE IN THE SOUTH EAST

## BOTÚIN CHOITIANTA

- Gan aon fhoirm iarratais curtha faoinár mbráid nó foirm bhán curtha faoinár mbráid.
- Buiséad neamhiomlán nó miondealú easnamhach de na costais sa bhuiséad (is é sin, miondealaigh na costais go léir, le do thoil).
- Codanna bána ar an bhfoirm iarratais - mura bhfuil ceist cuí duit, cuir 'Níl Bainteach' uirthi
- Gan samplaí de do shaothar féin a bheith ann. Ní féidir measúnacht a dheanamh ar iarratas in éagmais samplaí de do shaothar.
- Gan dóthain eolais a bheith ann - ní bheidh aon bhonn againn le cinneadh a dhéanamh.
- Droch-shamplaí / saothar curtha i láthair go dona / droch-cháipéisíocht.
- Saothar dá bhfuil droch-ghrianghraif glactha (mar shampla: saothar ealaíne a bhfuil grianghraif faoi dhrochshoilsiú glactha de, go háirithe suiteáin).
- Gan aon liosta de cháipéisíocht tacaíochta a bheith ann: Mar shampla nuair atá saothar na n-amharc-ealaíontóirí á mheas, is féidir easpa cáipéisíochta tacaíochta a bheith mar shiocair le mearbhall faoi thoisí, faoi mheáin agus faoi chomhthéacs. Thairis sin, mura sainítear na rianta ar CDanna ceoil, DVDanna scannáin ar cóir amharc orthu nó féachaint orthu, is féidir é sin a bheith mar shiocair freisin le mearbhall ar na measúnóirí a bhíonn ag athbhreithniú do shaothair srl.
- An iomad sonraí nach bhfuil ábhartha (mar léirmheasanna). Bí cúramach faoina bhfuil á chur isteach agat.
- Samplaí den seansaothar amháin – is suim linn seansaothar agus saothar reatha araon, lena n-áirítear íomhánna/líníochtaí de na suiteáin, den tionscadal nó den imeacht a bheartaíonn tú.



COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH CARLOW COUNTY COUNCIL
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Waterford City & County Council
Comhairle Contae Loch Garman Wexford County Council
Arts Office Kilkenny County Council
the arts council an chomhairle ealaíon funding the arts artscouncil.ie